C/2025/2295

15.4.2025

Fógra faoi iarraidh maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE

Iarraidh arna déanamh ag Poblacht na hEastóine

(C/2025/2295)

An 1 Aibreán 2025, fuair an Coimisiún iarraidh de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Ba é an 2 Aibreán 2025 an chéad lá oibre eile tar éis an iarraidh a fháil.

Baineann an iarraidh seo le gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí poist agus seirbhísí eile dá dtagraítear in Airteagal 13 (2)(b) agus (c) de Threoir 2014/25/AE san Eastóin.

Déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE: 'conarthaí arb é is aidhm dóibh a fhágáil gur féidir gníomhaíocht a luaitear in Airteagal 8 go hAirteagal 14 a dhéanamh, ní bheidh siad faoi réir na Treorach seo más féidir leis an mBallstát nó leis na heintitis chonarthacha a rinne an iarraidh de bhun Airteagal 35 a léiriú go bhfuil an ghníomhaíocht neamhchosanta go díreach ar iomaíocht, sa Bhallstát ina bhfuil sí á déanamh, i margaí nach bhfuil aon srian i bhfeidhm maidir le rochtain a fháil orthu; agus comórtais deartha a eagraítear i dtaca le gníomhaíocht den chineál sin a shaothrú sa limistéar geografach sin, ní bheidh siadsan faoi réir na Treorach seo ach oiread'. An measúnú maidir le neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht is féidir a dhéanamh i gcomhthéacs Threoir 2014/25/AE, is rud é atá gan dochar do chur i bhfeidhm iomlán dhlí na hiomaíochta.

Ceadaítear don Choimisiún tréimhse 105 ([2]) lá oibre a ghlacadh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh seo, tréimhse dar tús an lae oibre dá dtagraítear thuas. Dá bhrí sin, rachaidh an tréimhse sin in éag an 8 Meán Fómhair 2025.

De réir Airteagal 35(5) de Threoir 2014/25/AE, maidir le hiarrataí eile i ndáil leis na gníomhaíochtaí céanna san Eastóin, ar iarrataí iad a bheidh curtha isteach roimh dhul in éag na tréimhse a osclaíodh i leith na hiarrata seo, ní mheasfar gur nósanna imeachta nua iad, agus is i gcomhthéacs na hiarrata seo a dhéileálfar leo.

([1]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le nósanna imeachta soláthair ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

([2]) De bhun mhír 1a d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE in éineacht leis an dara fomhír den mhír 1 sin.